# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2014

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch. 9** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

| Roinn I | Cluastuiscint | (40 marc) |
|---|---|---|

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin.

## Treoracha

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta , glac leis mar fhreagra**.**

2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach **pictiúr nó litir amháin a roghnú** i ngach cás.

**N.B**. Glac le **tic** (✓) **in aice nó ciorcal timpeall na litreach** sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

***************************************************************************************

Tá **ceithre cheist déag** san áireamh i **Roinn 1** (An Triail Chluastuisceana).

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

Cuid A - C1. + C.2. = 16 mharc

## Cuid B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

Cuid B - C1. + C.2. = 12 mharc

## Cuid C (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

Cuid C - C1. + C.2. = 12 mharc

Roinn I (An Triail Chluastuisceana) – Cuid A + Cuid B + Cuid C = 40 marc

| Roinn II | Léamhthuiscint | 120 marc |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc
**Ceist 2** = Fógraí = 30 marc
**Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc

C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

**C.2** **Trí** Fhógra. Freagair do rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**(a)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(b)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(c )** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

Rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**C.3** **Dhá** Shliocht Leanúnach**:** Freagair (a) **agus** (b) = 30 + 30 = 60 marc

**(a)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc + (**vi**) = 6 mharc
= 6 mharc x 5 = 30 marc

**(b)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc + (**vi**) = 6 mharc
= 6 mharc x 5 = 30 marc

| **Roinn III** | **Ceapadóireacht** | **80 marc** |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 4** = Cárta Poist = 20 marc
**Ceist 5** = Blag / Cuntas = 20 marc
**Ceist 6** = Litir *nó* Alt / Cuntas = 40 marc

C.4 + C.5 + C.6 = 80 marc

**Treoir** maidir do chuid mharcála i Roinn III:

Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'. Feic lch **6-9**.

- ✓ **Eolas** = Comhlíonadh na bpointí atá luaite.
- ✓ **Gaeilge =** Cumas Cumarsáide /Aimsirí / Saibhreas Foclóra / Forbairt
- ✓

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

- ✓ **Eolas:** marc as 5 mharc
- ✓ **Gaeilge:** blocmharc as 15 mharc

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

## C. 5 Blag / Cuntas 20 marc

- ✓ **Eolas:** 1 mharc x 4 = 4 mharc
- ✓ **Gaeilge:** blocmharc as 16 mharc

**C. 6** Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt** / **Cuntas** **40 marc**

**(a) Litir:**

✓ **Foirmlí:** = 4 mharc

| | |
|---|---|
| **seoladh** | = 1 mharc |
| **dátaí** | = 1 mharc |
| **beannú** | = 1 mharc |
| **síniú scoir** | = 1 mharc |

✓ **Eolas:** 4 mharc x 2 = 8

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 28 marc

**(b) Alt/Cuntas**

✓ **Eolas:** 2 mharc x 5 **=** 10 marc

[**Eolas** :pointe amháin eolais as gach sraith (bosca) + pointe eolais ar bith eile as sraith (bosca) ar bith]

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 30 marc

**Treoir**: I **Roinn III** (**C.4**, **C.5**, **C.6**) má bhronntar '0'**(náid)** ar **Eolas** bronntar 0 (**náid**) ar **Ghaeilge**

## Táblaí Coibhnis

Má tá pointí ar lár san **Eolas** i gCeist **1**, i gCeist **2** agus i gCeist **3** caithfidh **coibhneas** a bheith idir an marc don **eolas** agus an marc is airde gur féidir a bhronnadh ar an **nGaeilge.**

### **Ceist 4** (Cárta Poist)

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| **1 phointe** | **as 3 mharc** | **A 3**<br>**B 2**<br>**C 2**<br>**D 1**<br>**E 1**<br>**F 0**<br>**NG 0** |
| **2 phointe** | **as 6 mharc** | **A 5-6**<br>**B 4**<br>**C 3**<br>**D 2**<br>**E 2**<br>**F 1**<br>**NG 0** |
| **3 phointe** | **as 9 marc** | **A 7-9**<br>**B 6**<br>**C 5**<br>**D 4**<br>**E 3**<br>**F 1**<br>**NG 0** |
| **4 phointe** | **as 12 marc** | **A 10-12**<br>**B 8-9**<br>**C 7**<br>**D 5-6**<br>**E 3-4**<br>**F 2**<br>**NG 1** |
| **5 phointe** | **as 15 mharc** | **A 13-15**<br>**B 10-12**<br>**C 8-9**<br>**D 6-7**<br>**E 4-5**<br>**F 2-3**<br>**NG 1** |

# Ceist 5 Cuntas/Blag

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

# Ceist 6 (a) Litir

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

# Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |

# Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú (waiver) ceadaithe dóibh maidir le **litriú** agus **gramadach**.
**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

**2)** Iarrthóirí a **d'úsáid**:

- scríobhaí (scribe)
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire**.**

**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu, **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar **'drochlitriú'** ná ar '**easpa cruinnis sa ghramadach'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar **luacháil chéimithe** don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 13** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 14/15** | **→15mharc** |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 15/16** | **→16mharc** |

**Ceist 6 (a) Litir**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 24** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 25/26/27/28** | **→28 marc** |

**Ceist 6 (b) Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 26** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 27/28/29/30** | **→30 marc** |

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach** taobh **amuigh.**

DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR ☞ [ ]

Iomlán na Marcanna [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

**(240 marc)**

# FREAGRAÍ SAMPLACHA

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **1**. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | 200 |
| **Nóta**: Ní mór an marc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. ☞ | |

**ROINN I – CLUASTUISCINT**

| | **CUID A** | | **CUID B** | | **CUID C** | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist** | **1** | **2** | **1** | **2** | **1** | **2** |
| **Marc** | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 6 |

☞

| **DON SCRÚDAITHEOIR** | | |
|---|---|---|
| **ROINN** | **CEIST** | **MARC** |
| **II** | **1** | 30 |
| | **2** | 30 |
| | **3** | 60 |
| **III** | **4** | 20 |
| | **5** | 20 |
| | **6** | 40 |
| **IOMLÁN** ☞ | | 200 |
| **CLUASTUISCINT** ☞ | | 40 |
| **MÓRIOMLÁN** ☞ | | 240 |
| **GRÁD** ☞ | | A |

**Thall** ⟶

**ROINN I – CLUASTUISCINT** **(40 marc)**

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

**Cuid A** = C1. + C.2. = 16 mharc

**1.** **An Chéad Chainteoir.**

*Dia dhaoibh, a chairde. Caitríona Ní Fhaoláin is ainm dom. Rugadh i gCeatharlach mé ar an séú lá is fiche de mhí Aibreáin, míle naoi gcéad nócha a naoi. Is páiste aonair mé. Tá mé i mo chónaí le mo Mhamó mar tá mo mháthair ag obair i nGlaschú. Is banaltra í. Is iad na caithimh aimsire is fearr liom ná an ceol agus an spórt.*

| **Ainm** | | |
|---|---|---|
| Cár rugadh Caitríona? | • **I gCeatharlach** | **3 mharc** |
| Cén obair a dhéanann a máthair? | • **Is banaltra í** | **3 mharc** |
| Cad iad na caithimh aimsire is fearr léi? | • **Ceol / spórt** | **2 mharc** |

**8 marc**

**2.** **An Dara Cainteoir**

*Goidé mar atá sibh. Aodh Ó Gallchóir anseo. Is as Gaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall mé. Tá deirfiúr amháin agam. Máire an t-ainm atá uirthi. Is iriseoir le Tg4 mo mháthair. Tiománaí bus m'athair agus tá sé ag obair le Bus Éireann. Ta beirt chairde agam, Siobhán agus Cití. Bhí muid ag an phictiúrlann aréir.*

| **Ainm** | ***Aodh Ó Gallchóir*** | |
|---|---|---|
| Cé mhéad deirfiúr atá ag Aodh? | • **Deirfiúr amháin** | **3 mharc** |
| Ainmnigh cara amháin atá ag Aodh. | • **Siobhán / Cití** | **3 mharc** |
| Cá raibh sé lena chairde aréir? | • **Ag an phictiúrlann** | **2 mharc** |

**8 marc**

## CUID B (12 mharc)

**C.1.** ( Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

Gabhaim pardún agaibh, a mhúinteoirí agus a dhaltaí. An príomhoide anseo. Ní bheidh staidéar oíche ar siúl tar éis na scoile an tseachtain seo. Beimid ag glanadh agus ag maisiú halla na scoile le haghaidh chuairt an Uachtaráin Dé hAoine. Go raibh maith agaibh.

**1.** **Fógra**



**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? | **b** | **= 3 mharc**

**(b)** Cathain a bheidh cuairt an Uachtaráin ann?

(a) an tseachtain seo chugainn
(b) Dé Luain
**(c) Dé hAoine**
(d) i gceann coicíse

| **C** | **= 3 mharc**

**6 mharc**

**2.** **Píosa Nuachta** **= (a) 3 mharc + (b) 3 mharc = 6 marc**

Bhí lá mór ag na daltaí agus ag na múinteoirí i gColáiste Oiriall, i gContae Mhuineacháin, ar an fichiú lá de Bhealtaine, dhá mhíle is a trí déag. Thug Raidió na Gaeltachta cuairt ar an Choláiste agus rinne siad clár uair a chloig fúthu. Comhghairdeas le gach duine sa scoil.



**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? | **b** | **= 3 mharc**

**(b)** Cá bhfuil Coláiste Oiriall?

(a) i gContae Lú
**(b) i gContae Mhuineacháin**
(c) i gContae Chorcaí
(d) i gContae Mhaigh Eo

| **b** | **= 3 mharc**

**6 mharc**

**CUID C (12 mharc)**

4 mhír eolais á lorg
**C.1.** (Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

**Cuid C =** C1. + C.2. = 12 mharc

**1.** **Comhrá a hAon**

***An Chéad Mhír***

**Colmán:** *An í sin Muireann Ní Luasaigh? Colmán Ó Céilleachair anseo.*


**Muireann:** *Is í. Dia duit, a Cholmáin. Conas ataoi?*

**Colmán:** *D'fhéadfainn bheith níos fearr, a Mhuireann. Tógadh mo rothar ón scoil tráthnóna. Dúradh liom labhairt leat faoi. Bhuel, a chailín?*

.



**(a)**




**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cad a tógadh ó Cholmán? **d** = **3 mharc**

**An Dara Mír**

**Muireann:** *Ó! Thóg mise do rothar ar iasacht. Shíl mé go raibh tú ag imirt peile.*

**Colmán:** *Ní raibh mé. Bhí orm fanacht siar sa scoil mar bhí mé déanach ar maidin.*

**Muireann**: *Tá brón orm a Cholmáin. Beidh mé féin agus do rothar chugat i gceann deich nóiméad.*

**Colmán:** *Mo rothar atá uaim. Ní bhacaim le gadaithe, a Mhuireann.*

**(b)** Cad a tharla do Cholmán ar maidin?

**(a)** **Bhí sé déanach.**

(b) Bhí sé feargach. **a** = **3 mharc**

(**c**) Bhí sé áthasach.

(**d**) Bhí sé tinn. **6 mharc**

2. **Comhrá a Dó**

***An Chéad Mhír***

**Dearbháil:** *Dia duit, a Aoife. Dearbháil anseo.*

**Aoife:** *Bhuel, Dia is Muire duit, a strainséir. Níor chuala mé uait le fada an lá.*

**Dearbháil:** *Bhí mé sa Bhruiséil le coicís anuas.*

**Aoife:** *Inis dom faoi.*

**Dearbháil:** *Bhí ceathrar daltaí as Éirinn ag labhairt le Parlaimint na hEorpa, agus bhí mise ar dhuine acu.*



**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cá raibh Dearbháil? **a** **= 3 mharc**

**An Dara Mír**

**Aoife:** *Agus cad a dúirt tú?*

**Dearbháil:** *Labhair mé faoi dhaoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.*

**Aoife:** *Tá súil agam gur éist na polaiteoirí ansin leat.*

**Dearbháil:** *Thug siad bualadh bos dom ar aon nós*.

**Aoife:** *Ar labhair tú as Gaeilge leo?*

**Dearbháil:** *Labhair mé. Tá córas aistriúcháin sa Pharlaimint.*

**Aoife:** *Maith thú. Rinne tú gaisce.*

**Dearbháil:** *Go raibh míle maith agat.*

***An Dara Mír***

**(b)** Cad faoi a labhair sí?

(**a**) aimsir

**(b)** spórt

(c) **daoine óga**

(**d**) obair

**C** **= 3 mharc**

**<u>6 mharc</u>**

**<u>28 + 12 = 40</u>**

**30 marc**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT (120 marc)

Freagair gach ceist. Scríobh na freagraí ar na ceisteanna sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.

**Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc, **Ceist 2** = Fógraí = 30 marc, **Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc
**C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc**

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

1 **Obair pháirtaimseartha**
Do dhaoine óga
Nuachtánaí Uí Mhóráin

2 **Seachain dó gréine**
Úsáid ola ghréine

3 **Taispeántas Faisin**
Éadaí na bhfear

4 **Stiúideo ealaíne**
Fáilte roimh chách

5 **Cois Locha**
Bí cúramach ag snámh

6 **Clogaid iománaíochta**
Ar fáil
Siopa an chlub

7 **Cleachtadh Cispheile**
Inniu 4 p.m. - 5 p.m.

8 **Tógálaí den scoth**
Fón : 083 5692764

9 **Ranganna Matamaitice**
Gach Céadaoin
7 p.m. - 9 p.m.

10 **Tithe ar díol**
Ar phraghsanna ísle





























| Uimhir | Litir | Marc |
|---|---|---|
| 1 | D | 3 mharc |
| 2 | H | 3 mharc |
| 3 | G | 3 mharc |
| 4 | I | 3 mharc |
| 5 | A | 3 mharc |
| 6 | C | 3 mharc |
| 7 | F | 3 mharc |
| 8 | J | 3 mharc |
| 9 | E | 3 mharc |
| 10 | B | 3 mharc |

| Don Scrúdaitheoir<br>Iomlán reatha→ | + | = | 30 |
|---|---|---|---|

**CEIST 2.** Freagair do rogha **dhá** cheann de (**a**), (**b**), (**c**). **(30 marc)**

**(a)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

*Sladmhargadh* | **Tairiscintí** | *Sladmhargadh*

**Lacáiste ar gach rud go dtí deireadh na míosa**

**Duit féin**
- Teilifís iniompartha – feiliúnach do do phóca nó mála láimhe
- Fón póca – cnaipí móra air **agus** éasca a úsáid
- Cúisín don suíochán sa charr nó san oifig
- Spéaclaí gréine

**An Teach**
- Cófraí bróg – do10 bpéire nó 20 péire
- Cófraí leabhar
- Leapacha – singil agus dúbailte
- Toilg agus cathaoireacha uilleann

**An Gairdín**
- Píobáin uisce
- Uirlisí garraíodóireachta
- Gach saghas bláthanna
- Cathaoireacha agus boird ghairdín

**Conas iad a ordú:**
Ar líne: www.tairiscintí.com
Fón: 01- 49107652
Cuir foirm ordaithe tríd an bpost

**(i)** Cathain is féidir lacáiste a fháil?

***Is féidir lacáiste a fháil go dtí deireadh na míosa.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Luaigh rud **amháin** faoin bhfón póca atá ar fáil.

***Tá cnaipí móra air. / Tá sé éasca a úsáid.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Cén sórt leapa atá ar fáil?

***Tá leaba singil / dúbailte ar fáil.*** **= 5 mharc**

**15 mharc**

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 30 + 30 | = | 60 |
|---|---|---|---|

**(b)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# AER CHLÉIRE

***Eolas taistil***

**Riachtanas speisialta agat?**

- Tá cathaoireacha rothaí ar fáil
- Cead ag madraí treorach taisteal le daoine dalla

Labhair linn *dhá lá* roimh imeacht duit
agus
Déanfaimid ár ndícheall cabhrú leat

**Bagáiste ceadaithe i gcábán an eitleáin**

Mála amháin an paisinéir – 55 cm × 40 cm × 24 cm ar a mhéad

Le cur isteach sna taisceadáin os cionn na suíochán

Gléas ceoil – más féidir é a stóráil sna taisceadáin

**Bagáiste ceadaithe i mbolg an eitleáin**

Gach paisinéir – mála amháin 20 kg

Fearas spóirt – rothar nó mála gailf an duine

**Teagmháil**

**Fón**: 051-4597312 **Ríomhphost:** eolas@aerchleire.ie **Brabhsáil**: www.aerchleire.ie

**(i)** Luaigh rud amháin atá ar fáil do phaisinéirí le riachtanas speisialta.

***Tá cathaoireacha rothaí ar fáil.***
***Tá cead ag madraí treorach taisteal le daoine dalla.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Cén áit i gcábán an eitleáin a gcuirfidh na paisinéirí a málaí?

***Cuirfidh na paisinéirí a malaí sna taisceadáin os cionn na suíochán.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Cé mhéad mála atá ceadaithe do gach paisinéir i mbolg an eitleáin?

***Tá mála amháin ceadaithe do gach paisinéir i mbolg an eitleáin.*** **= 5 mharc**

**15 mharc**

(**c**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

GAEL LINN

**Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta - Sráid an Dáma – Lár na Cathrach**

**Ranganna ar siúl**

- Dhá oíche sa tseachtain: 6.30 p.m. – 9.30 p.m.
- Dé Sathairn: 9.30 a.m. – 12.30 p.m.

**Cad a bheidh ar siúl sna ranganna?**

- Béim ar labhairt na Gaeilge
- Comhrá beirte agus grúpa

**Leibhéil na ranganna**

- Trí leibhéal: Bunrang, Meánrang agus Ardrang
- Comhairle ar fáil faoin rang is fearr do gach duine

**Costas agus clárú**

- €200 ar chúrsaí sé huaire is tríocha
- Foirmeacha iarratais ar fáil ón oifig

**Tuilleadh Eolais**

**Fón:** 01-685049 **Ríomhphost**: eolas@gaellinn.ie **Brabhsáil:** www.gaellinn.ie

**(i)** Cé mhéad oíche sa tseachtain a bheidh na ranganna ar siúl?

***Beidh ranganna ar siúl dhá oíche sa tseachtain.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Luaigh na trí leibhéal ranganna atá ann?

***Tá bunrang, meánrang agus ardrang ann.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Cén costas atá ar na cúrsaí?

***Tá costas €200 ar na cúrsaí.*** **= 5 mharc**

**15 mharc**

# 60

# 30 + 30

**CEIST 3.** Freagair (**a**) *agus* (**b**) anseo = 30 + 30 = 60 marc
(a) **(i)** = 6 mharc + **(ii)** = 6 mharc + **(iii)** = 6 mharc + **(iv)** = 6 mharc + **(v)** = 6 mharc: = **(6 x 5 = 30 marc)**

**(a)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

## Cillian Murphy - Aisteoir Cáiliúil

**Cillian Murphy**

**1.** Fiú mura maith leat na scannáin, is cinnte gur chuala tú caint ar Chillian Murphy. Bhí páirt aige sa scannán cáiliúil *The Wind That Shakes the Barley* sa bhliain 2006. Agus bhí sé sa ról Dr Jonathan Crane (Scarecrow) sna trí scannán *Batman*. Tá go leor scannán cáiliúil déanta aige le blianta beaga anuas.

**2.** Rugadh agus tógadh Cillian Murphy i gCorcaigh. Chuaigh sé ar scoil i gColáiste na Toirbhearta i gCathair Chorcaí. Le linn dó bheith ar an scoil sin ghlac sé páirt i ndráma a cuireadh ar siúl ann. Thaitin sé go mór leis agus bhain sé an-sásamh as a bheith ar stáitse. Mhol a mhúinteoir Béarla dó ag an am a bheith ina aisteoir.

**3.** Ach nuair a d'fhág sé an scoil ba mhian leis a bheith ina rac-cheoltóir. An giotár an uirlis cheoil ab fhearr leis. Bhí sé féin agus a dheartháir Páidí ag seinm le bannaí ceoil éagsúla ar feadh cúpla bliain. Tá an-suim aige sa cheol fós, áfach. Is breá leis éisteacht le gach saghas ceoil agus dul chuig ceolchoirmeacha.

**4.** D'éirigh Cillian as an gceol mar shlí bheatha agus thosaigh sé cúrsa dlí in Ollscoil Chorcaí. Níor thaitin an cúrsa dlí leis, áfach, agus d'fhág sé an Ollscoil tar éis bliain amháin. I rith na bliana sin ghlac sé páirt i gcúpla dráma le Cumann Drámaíochta na hOllscoile. Arís, bhain sé an-taitneamh as a bheith ar stáitse. Bhí sé soiléir freisin go raibh tallann iontach aisteoireachta aige. Tá sé ag obair mar aisteoir ó shin.

**5.** Tá Cillian pósta le Yvonne McGuinness. Is ealaíontóir í. Bhuail siad lena chéile nuair bhí Cillian ag seinm ceoil. Tá beirt mhac acu agus tá cónaí orthu i Londain. Is duine príobháideach é agus ní maith leis labhairt faoina shaol pearsanta ach déanann sé a chuid cainte ar an stáitse.

**(i)** Ainmnigh scannán **amháin** a raibh Cillian Murphy páirteach ann. (**Alt 1**)
***Bhí Cillian Murphy páirteach sa scannán The Wind That Shakes the Barley / Batman.*** **= 6 mharc**

**(ii)** Cad a mhol a mhúinteoir Béarla dó? (**Alt 2**)
***Mhol a mhúinteoir Béarla dó a bheith ina aisteoir.*** **= 6 mharc**

**(iii)** Cén uirlis cheoil ab fearr le Cillian Murphy? (**Alt 3**)
***B'fhearr le Cillian Murphy an giotár.*** **= 6 mharc**

**(iv)** Cé mhéad bliain a chaith sé ar an Ollscoil? (**Alt 4**)
***Chaith sé bliain amháin ar an ollscoil.*** **= 6 mharc**

**(v)** Cathain a bhuail sé féin agus a bhean, Yvonne, le chéile? (**Alt 5**)
***Bhuail siad lena chéile nuair a bhí Cillian ag seinm ceoil.*** **= 6 mharc**

**<u>30 marc</u>**



| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 60 + 60 | = | 120 |

(b) **(i)** = 6 mharc + **(ii)** = 6 mharc + **(iii)** = 6 mharc + **(iv)** = 6 mharc + **(v)** = 6 mharc: = **(6 x 5 = 30 marc)**

**(b)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

# Malala Yousafzai – Cailín Cróga Inspioráideach

**1.** Is duine cróga í Malala Yousafzai gan dabht. Rugadh agus tógadh i mbaile Mingora sa Phacastáin í. Nuair nach raibh Malala ach dhá bhliain déag d'aois bhí an Taliban ag iarraidh scoileanna na gcailíní a dhúnadh ina ceantar. Bhí an misneach ag Malala a rá go poiblí nach raibh sé sin ceart.

**2.** Ní raibh an Taliban sásta léi. Rinne siad iarracht í a mharú agus í ar a bealach abhaile ar bhus scoile ar an 9 Deireadh Fómhair, 2012. Níor maraíodh Malala ach goineadh go dona í. Chaith sí tamall fada san ospidéal ina dhiaidh sin.

**3.** Rugadh Malala Yousafzai ar an 12 Iúil, 1997. Ciallaíonn a céad ainm 'faoi bhrón'. Nuair a bhí sí ag fás suas in Mingora bhí sí ina cónaí lena beirt deartháireacha óga, lena tuismitheoirí agus le dhá pheata sicín.

**4.** Tá an-suim ag a hathair, Ziauddin Yousafzai, san oideachas. Tá roinnt scoileanna aige. *Khushal Public School* is ainm dóibh. Is file é freisin. Creideann sé gur duine speisialta í Malala. Nuair a bhí Malala ina cailín óg is minic a d'fhan sí ina suí go déanach san oíche ag caint lena hathair faoin bpolaitíocht agus faoi chúrsaí an tsaoil.

**Malala Yousafzai**

**5.** Tá Malala ina cónaí i Sasana faoi láthair. Tá clú agus cáil uirthi ar fud an domhain anois agus tá go leor gradam bronnta uirthi. Anuraidh bhronn Amnesty International gradam *Ambassador of Conscience Award* uirthi i mBaile Átha Cliath. Tá sí fós ag labhairt amach ar son daoine óga ar fud an domhain nach mbíonn seans acu dul ar scoil. Tá leabhar scríofa aici freisin, *I Am Malala.* Cinnte is duine cróga inspioráideach í.

(i) Cad a bhí an Taliban ag iarraidh a dhéanamh sa Phacastáin? (**Alt 1**)
***Bhí an Taliban ag iarraidh scoileanna na gcailíní a dhúnadh.*** **= 6 mharc**

(ii) Cá raibh Malala nuair a rinne an Taliban iarracht í a mharú? (**Alt 2**)
***Bhí Malala ar a bealach abhaile ar bhus scoile.*** **= 6 mharc**

(iii) Cén saghas peata a bhí ag muintir Mhalala? (**Alt 3**)
***Bhí dhá pheata sicín ag muintir Mhalala.*** **= 6 mharc**

(iv) Cén rud a bhfuil an-suim ag athair Mhalala ann? (**Alt 4**)
***Tá an-suim ag athair Mhalala san oideachas.*** **= 6 mharc**

(v) Cathain a bronnadh an gradam uirthi i mBaile Átha Cliath? (**Alt 5**)
**Anuraidh a bronnadh an gradam uirthi i mBaile Átha Cliath.** **= 6 mharc**

**30 marc**

| Roinn III | Scríobh na Teanga | Gach gach ceist le freagairt | 80 marc |
|---|---|---|---|

**C.4** = **Cárta Poist** = 20 marc; **C.5** = **Blag / Cuntas** = 20 marc; **C.6** = **Litir *nó* Alt / Cuntas** = 40 marc

**C**.4 + **C**.5 + **C**.6 = 80 marc

**20**

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

Tá tú ar thuras scoile ar feadh cúpla lá in Éirinn. Scríobh **cárta poist** abhaile chuig do dheirfiúr.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

**Na Pointí Eolais/ Tascanna luaite**

**P1:** an turas ar an mbus
**P2:** rud amháin faoin teach ósta ina bhfuil tú
**P3:** an aimsir
**P4:** rud suimiúil **amháin** a chonaic tú **nó** a rinne tú
**P5:** cathain a fhillfidh tú abhaile

**Na Marcanna don Eolas (marc as 5 mharc)**
**Cúig cinn** de na pointí eolais luaite **= 5 mharc**
**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite **= 4 mharc**
**Trí cinn** de na pointí eolais luaite **= 3 mharc**
**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite **= 2 mharc**
**Ceann amháin** de na pointí eolais luaite **= 1 mharc**

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

- ✓ **Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 5 mharc
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.
- ✓ **N.B**. Má tá sé soiléir nach bhfuil an t-iarrthóir in **Éirinn / Suíomh Saoire, bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh** mar níl an tasc comhlíonta.
- ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide **15 mharc**
- ✓ '0'**<u>(náid)</u>** ar eolas ➔ '0'**<u>(náid)</u>** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'.

<u>**Eolas:** 5 mharc</u>
<u>**Gaeilge:** 15 mharc</u>

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 120 + 20 | = | 140 |
|---|---|---|---|

# **Ceist 4** (Cárta Poist)

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| **1 phointe** | **as 3 mharc** | **A 3**<br>**B 2**<br>**C 2**<br>**D 1**<br>**E 1**<br>**F 0**<br>**NG 0** |
| **2 phointe** | **as 6 mharc** | **A 5-6**<br>**B 4**<br>**C 3**<br>**D 2**<br>**E 2**<br>**F 1**<br>**NG 0** |
| **3 phointe** | **as 9 marc** | **A 7-9**<br>**B 6**<br>**C 5**<br>**D 4**<br>**E 3**<br>**F 1**<br>**NG 0** |
| **4 phointe** | **as 12 marc** | **A 10-12**<br>**B 8-9**<br>**C 7**<br>**D 5-6**<br>**E 3-4**<br>**F 2**<br>**NG 1** |
| **5 phointe** | **as 15 mharc** | **A 13-15**<br>**B 10-12**<br>**C 8-9**<br>**D 6-7**<br>**E 4-5**<br>**F 2-3**<br>**NG 1** |

**20** **ST 5.** **(20 marc)**

Is tusa Seán nó Nuala sna pictiúir thíos. Scríobh cuntas / blag faoi na rudaí a tharla sna **Pictiúir 1-3**.




| **Pictiúr 1** | **Pictiúr 2** | **Pictiúr 3** | **Pictiúr 4** |
|---|---|---|---|
| Cuireadh | Glacadh leis an gcuireadh | Eolas faoin gcóisir | Cuntas/Blag |

Luaigh **sa chuntas / sa bhlag:**

- cén fáth a raibh tú ar an bhfón (**Pictiúr 1** = pointe eolais amháin)
- cad a tharla ansin (**Pictiúr 2** = pointe eolais eile)
- cuntas ar an gcóisir (**Pictiúr 3** = dhá phointe eolais)

**Cóisir lá breithe**

**Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite **= marc as 4 mharc.**
**Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.**
**N.B.** Muna ndéantar tagairt do **'cóisir lá breithe' bain (-3 mharc) den mharc** a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta.

**Na Marcanna don Eolas (marc as 4 mharc)**
**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite **= 4 mharc**
**Trí cinn** de na pointí eolais luaite **= 3 mharc**
**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite **= 2 mharc**
**Ceann amháin** de na pointí luaite **= 1 mharc**

✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 16 mharc**

✓ ‘0’**(náid)** ar eolas ➔ ‘0’**(náid)** ar Ghaeilge.

✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’

**Eolas:** 4/4
**Gaeilge:** 16/16

# Ceist 5 Cuntas/Blag


| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

**40**

**CEIST 6.** Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt / Cuntas** anseo. **(40 marc)**

**(a) Litir**

Bhí tú i dtrioblóid ar scoil cúpla uair le déanaí. Scríobh litir faoi chuig d'aintín.




Luaigh na pointí seo sa litir:

- ✓ **Eolas** = as 8 marc (2 mharc x 4) = 8 marc
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.

| | |
|---|---|
| **Na Pointí Eolais / Tascanna luaite**<br><br>**P.1** cén fáth a raibh tú déanach<br>**P.2** cad a d'iarr do mháthair ort<br>**P.3** cad a rinne an príomhoide<br>**P.4** cén fáth a raibh ort leabhar Ghaeilge nua a cheannach. | **Foirmlí: = 4 mharc**<br>**seoladh = 1 mharc**<br>**dátaí = 1 mharc**<br>**beannú = 1 mharc**<br>**síniú scoir = 1 mharc** |
| **Na Marcanna don Eolas (marc as 8 mharc)**<br><br>**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite **= 8 marc**<br>**Trí cinn** de na pointí eolais luaite **= 6 mharc**<br>**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite **= 4 mharc**<br>**Ceann amháin** de na pointí luaite **= 2 mharc** | ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: blocmharc as **28 marc**<br><br>✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.<br><br>✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**' |

**F= 4/4**
**E= 8/8**
**G=28/28**
**[C.6 (a) = 40]**

# Ceist 6 (a) Litir

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

(**b**) **Alt / Cuntas** (15 líne nó mar sin).

Is tusa Máire *nó* Eoin, duine de na daoine óga atá sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.












| **Na Marcanna don Eolas (marc as 10 marc)** | **Na Pointí Eolais / Tascanna luaite** |
|---|---|
| **Cúig cinn** de na pointí luaite **= 10 marc** | **Pointe 1** as Sraith Pictiúr 1 |
| **Ceithre cinn** de na pointí luaite **= 8 marc** | **Pointe 2** as Sraith Pictiúr 2 |
| **Trí cinn** de na pointí luaite **= 6 mharc** | **Pointe 3** as Sraith Pictiúr 3 |
| **Dhá cheann** de na pointí luaite **= 4 mharc** | **Pointe 4** as Sraith Pictiúr 4 |
| **Ceann amháin** de na pointí luaite **= 2 mharc** | **Pointe 5** as Sraith Pictiúr 4 |

**Gaeilge:**

- ✓ Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 30 marc**
- ✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'

**E= 10/10**
**G=30/30**
**[C.6 (b) = 40]**

# Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |